Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15904/25
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0364(NLE)**

RESUA 33
FIN 1451
ECOFIN 1604
ELARG 154
COEST 843
DEVGEN 221
UA PLATFORM 18

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an gCINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear comhlíonadh sásúil na gcoinníollacha i dtaca le híocaíocht pháirteach den séú tráthchuid faoi Phlean na hÚcráine den tSaoráid don Úcráin |

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**

An 31 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Úcráin iarraidh isteach ar íocaíocht pháirteach den séú tráthchuid de Phlean na hÚcráine, i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2024/792 an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin[1]. An 11 Samhain 2025, chuir an Úcráin isteach an iarraidh cothrom le dáta ar an íocaíocht inar dearbhaíodh gur comhlíonadh go sásúil céim amháin gan íoc ón gceathrú tráthchuid. Chun tacú leis an iarraidh ar íocaíocht, thug an Úcráin údar le comhlíonadh sásúil céim amháin sa cheathrú tráthchuid agus ocht gcéim sa séú tráthchuid mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an measúnaithe ar Phlean na hÚcráine[2], arna leasú le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ('an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle')[3].

Ar bhonn na faisnéise a sholáthair an Úcráin, meastar go bhfuil na naoi gcéim comhlíonta go sásúil.

Mar chuid de **Chaibidil 2** maidir le bainistíocht airgeadais phoiblí, rinneadh an uirlis bainistíochta digití le haghaidh atógáil na hÚcráine a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

Mar chuid de **Chaibidil 3** maidir leis an gcóras breithiúnach, tháinig an dlí lena mbunaítear cúirt nua chun cásanna riaracháin a éisteacht i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 5** maidir le margaí airgeadais, tháinig reachtaíocht cothrom le dáta maidir le bainc atá faoi úinéireacht an stáit a dhíol i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 8** maidir leis an timpeallacht ghnó, glacadh caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trí ghrúpa de tháirgí tionsclaíocha.

Mar chuid de **Chaibidil 9** maidir le dílárú agus beartas réigiúnach, tháinig reachtaíocht maidir le heagrú críochach na n-údarás feidhmiúcháin san Úcráin a athchóiriú i bhfeidhm.

---

1 Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

2 Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2024/1447, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/1447/oj). Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CONSIL%3AST_9492_2024_ADD_1&qid=1716536456361.

3. Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2157 ón gComhairle an 17 Deireadh Fómhair 2025 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1447 maidir le formheas an mheasúnaithe ar Phlean na hÚcráine (IO L, 2025/2157, 27.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2157/oj).

Mar chuid de **Chaibidil 12** maidir leis an earnáil agraibhia, tháinig reachtaíocht maidir le tacaíocht phoiblí do thalmhaíocht na hÚcráine i bhfeidhm.

Mar chuid de **Chaibidil 13** maidir le hamhábhair chriticiúla a bhainistiú, foilsíodh an tuarascáil maidir le fíorú chúlchistí na nAmhábhar Criticiúil san Úcráin.

Mar chuid de **Chaibidil 15** maidir leis an aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil, glacadh an dara Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta ag an Úcráin le Comhaontú Pháras agus leis an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033.

**Céim 2.8**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Forbairt agus cur chun feidhme na huirlise bainistíochta digití le haghaidh atógáil na hÚcráine |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 4. Feabhas a chur ar bhainistiú infheistíochta poiblí |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 2.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*An uirlis bainistíochta digití le haghaidh atógáil na hÚcráine a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ar uirlis í lena dtabharfar rochtain phoiblí ar shonraí maidir le tionscadail atógála ag gach céim, lena n-áireofar an phleanáil, an maoiniú, an soláthar, an tógáil agus an coimisiúnú, chun gur féidir faireachán poiblí trédhearcach a dhéanamh ar chur chun feidhme tionscadal agus comhordú níos fearr a dhéanamh idir earnálacha ar iarrachtaí atógála*.'<br><br>Is é Céim 2.8 an dara céim de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 4 de Chaibidil 2 (bainistíocht airgeadais phoiblí). Roimhe sin bhí Céim 2.7 (R2 2024) maidir leis an bplean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme an treochláir um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) nasc chuig suíomh gréasáin na huirlise digití chun infheistíocht phoiblí a bhainistiú: DREAM [an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh];<br><br>(3) cóip de Rún Uimh. 527 ó Chomh-Aireacht na nAirí *On some issues of public investment management* [Maidir le roinnt saincheisteanna a bhaineann le bainistiú infheistíochta poiblí] dar dáta an 28 Feabhra 2025 agus a leasaíodh an 26 Lúnasa 2025;<br><br>(4) cóip de Dhlí Uimh. 4225-IX na hÚcráine *On amendments to the Budget Code of Ukraine concerning the update and improvement of certain provisions* [Maidir le leasuithe ar Chód Buiséid na hÚcráine a bhaineann le forálacha áirithe a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú] dar dáta an 5 Márta 2025;<br><br>(5) cóip d'Ordú Uimh. 1289 ó Aireacht Forbartha Pobail agus Chríocha na hÚcráine *On the commissioning of the software of the Unified Digital Integrated Information and Analytical System for the Management of the Process of Reconstruction of Real Estate, Construction, and Infrastructures* [Maidir le coimisiúnú bhogearraí an Chórais Chomhtháite Faisnéise agus Anailísigh Dhigitigh Aontaithe chun Bainistiú a dhéanamh ar an bPróiseas Atógála ar Réadmhaoin, ar Thógáil agus ar Bhonneagair] dar dáta an 20 Lúnasa 2025;<br><br>(6) cóip de dheimhnithe críochnaithe na n-oibreacha. |

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 2.8.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 4 feabhas a chur ar bhainistiú infheistíochta poiblí. Chuige sin, d'fhorbair údaráis na hÚcráine uirlis dhigiteach forbartha chun tionscadail atógála a bhainistiú agus chuir siad í i bhfeidhm, i gcomhréir leis an treochlár um bainistiú infheistíochta poiblí a athchóiriú. D'fhorbair an Open Contracting Partnership an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh i gcomhar le hAireacht Forbartha Phobail agus Chríocha na hÚcráine. Is é an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh an t-ardán digiteach aontaithe chun tionscadail infheistíochta poiblí a bhainistiú ar gach leibhéal rialtais. Soláthraíonn sé rochtain phoiblí ar fhaisnéis fíor-ama ag gach céim de shaolré tionscadail, rud a chinntíonn trédhearcacht agus cuntasacht. Leis an Éiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh, cumasaítear faireachán leanúnach poiblí agus deontóirí, trí na sonraí tionscadail uile a chomhdhlúthú i gcóras aonair, le linn thimthriall na hinfheistíochta poiblí – ó ullmhú go cur chun feidhme an tionscadail – agus comhordú níos fearr ar iarrachtaí atógála idir leibhéil rialtais.

Leis an Éiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh, cuirtear ar a gcumas d'aireachtaí líne a dtionscadail infheistíochta poiblí bhliantúla bhartaithe a chur isteach le haghaidh cistiú, faoi threoir an Phlean Mheántéarmaigh le haghaidh Infheistíocht Phoiblí Tosaíochta, a thugtar cothrom le dáta go bliantúil agus lena sainítear na hearnálacha tosaíochta, na spriocanna beartais agus an uasteorainn tháscach infheistíochta poiblí arna leagan síos ag an Aireacht Airgeadais. Tacaíonn an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh le bunú punann tionscadail earnála agus leis an bPíblíne Thionscadail Aonair – i.e. punann na dtionscadal tosaíochta a d'fhormheas an Chomhairle um Infheistíocht Straitéiseach. Leis an Éiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh, is féidir aithris a dhéanamh ar na próisis sin ar an leibhéal lárnach ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil freisin, áit a gceanglaítear ar gach réigiún agus ar gach bardas a Phíblíne Thionscadail Aonair féin de thionscadail infheistíochta poiblí réigiúnacha agus áitiúla a chruthú.

Tá an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh comhdhéanta de thairseach úsáideoirí (ríomh-Chomh-Aireacht), tairseach phoiblí agus tairseach anailísíochta. Fágann an tairseach úsáideoirí gur féidir le húdaráis áitiúla, réigiúnacha agus lárnacha a dtograí tionscadail a chur isteach le haghaidh cistiú. Leis an tairseach phoiblí – atá ar fáil anseo – soláthraítear rochtain ar gach tionscadal infheistíochta poiblí tosaíochta formheasta sna punanna earnála agus sna Píblínte Tionscadail Aonair ar gach leibhéal rialtais. I gcás gach tionscadail, tá faisnéis chuimsitheach ar fáil go poiblí, lena n-áirítear: tuairisc ar an tionscadal agus cuspóir straitéiseach/cuspóirí straitéiseacha, miondealú mionsonraithe ar an mbuiséad agus foinse/foinsí cistiúcháin, amlíne agus stádas na pleanála agus an chur chun feidhme; próiseas soláthair agus conraitheoireachta; sonraí tógála agus coimisiúnaithe. Foilsítear an doiciméadacht tionscadail uile is ábhartha – idir dhlíthiúil agus theicniúil – freisin. Leis an tairseach anailísíochta, is féidir táblaí tuairiscithe agus léirshamhluithe a ghiniúint trí úsáid a bhaint as scagairí atá bunaithe ar shonraí tionscadail gráinneacha. Tá léarscáil idirghníomhach ann freisin lenar féidir gach tionscadal a fhiosrú go geografach, síos go dtí an leibhéal áitiúil.

| |
|---|
| Tá an tÉiceachóras um Athchóiriú Digiteach le haghaidh an Bhainistithe Chuntasaigh comhtháite le príomhchórais dhigiteacha eile, lena n-áirítear Prozorro (córas soláthair phoiblí digiteach) agus Open Budget (sonraí idirbheart státchiste). Tá comhtháthú le córas LOGICA na hAireachta Airgeadais (sonraí buiséid áitiúla) beartaithe laistigh de na 6 mhí atá romhainn. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 3.2**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm an dlí lena mbunaítear cúirt nua chun cásanna riaracháin a éisteacht |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Feabhas a chur ar chuntasacht, ar ionracas agus ar ghairmiúlacht na mbreithiúna |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 3.2 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*An dlí maidir le bunú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe nua agus na Cúirte Riaracháin Achomhairc Speisialaithe nua, tháinig sé i bhfeidhm agus seoltar roghnú trédhearcach breithiúna i gcomhréir leis an reachtaíocht a glacadh.*'<br><br>Is é Céim 3.2 an dara céim de sé chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 3 (an córas breithiúnach). Cuirtear chun feidhme í i gcomhthreo le Céim 3.1 maidir le 20 % ar a laghad d'fholúntais bhreithiúnacha a líonadh. Roimhe sin bhí Céim 3.5 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta lena ndéantar athbhreithniú ar dhearbhuithe ionracais na mbreithiúna agus ar a bpróiseas fíorúcháin, rud atá fós gan chomhlíonadh ó R2 2025. Ina diaidh, tá Céim 3.3 maidir le socrú/breithniú 20 % de na seanchásanna araíonachta nár breithníodh roimh dheireadh 2023, Céim 3.4 maidir leis an meastóireacht cháilíochta (grinnfhiosrúchán) a chur i gcrích i leith 50 % de na breithiúna a raibh orthu dul faoi fós roimh an 30 Meán Fómhair 2016 atá dlite in R4 2025 agus Céim 3.15 lena gceanglaítear ar an gcúirt nua cásanna riaracháin a éisteacht atá le bheith oibríochtúil atá dlite in R4 2026. |

| |
|---|
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) cóip de Dhlí Uimh. 4264-IX na hÚcráine *On Amendments to the Law of Ukraine 'On the Judiciary and the Status of Judges' and Certain Other Legislative Acts of Ukraine Regarding the Legal Basis for the Establishment and Functioning of the Kyiv Specialized District Administrative Court and the Kyiv Specialized Administrative Court of Appeal [*Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine 'Maidir leis na Breithiúna agus Stádas na mBreithiúna' agus Gníomhartha Reachtacha Áirithe eile de chuid na hÚcráine maidir leis an mBunús Dlí le haghaidh Bunú agus Feidhmiú Chúirt Riaracháin Dúiche Speisialaithe Chív agus Chúirt Achomhairc Riaracháin Speisialaithe Chív] dar dáta an 26 Feabhra 2025;<br><br>(3) cóip de Dhlí Uimh. 4602-IX na hÚcráine *On the Establishment of the Specialized District Administrative Court, the Specialized Administrative Court of Appeal* [Maidir le Bunú na Cúirte Riaracháin Dúiche Speisialaithe, na Cúirte Achomhairc Riaracháin Speisialaithe] dar dáta an 16 Meán Fómhair 2025;<br><br>(4) cóip den Fhógra maidir leis an gcomórtas le haghaidh 17 mbreitheamh sa Chúirt Riaracháin Dúiche Speisialaithe;<br><br>(5) cóip den Fhógra faoin gcomórtas le haghaidh 10 mbreitheamh sa Chúirt Achomhairc Riaracháin Speisialaithe. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 3.2.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 1 cuntasacht, ionracas agus gairmiúlacht na mbreithiúna a fheabhsú agus muinín an phobail as na breithiúna a chothú trí thús a chur arís le roghnú trédhearcach na mbreithiúna ar bhonn fiúntais, trí bhorradh a chur faoin meastóireacht cháilíochta a dhéantar ar bhreithiúna ina suí, tríd an gcóras freagrachta araíonachta a neartú, uirlisí um ionracas breithiúnach atá ann cheana a threisiú, agus cúirt nua a bhunú chun cásanna riaracháin a bhainfidh le gníomhaireachtaí stáit a éisteacht. Chuige sin, ghlac Parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 4264-IX, a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 2025 agus Dlí Uimh. 4602-IX, a tháinig i bhfeidhm an 2 Deireadh Fómhair 2025. Bunaítear leis na dlíthe an Chúirt Riaracháin Dúiche Speisialaithe agus an Chúirt Achomhairc Riaracháin Speisialaithe.<br><br>Bunaítear le Dlí Uimh. 4264-IX an bunús dlí do Chúirt Riaracháin Dúiche Speisialaithe Chív (an Chúirt Dúiche Speisialaithe) agus do Chúirt Achomhairc Riaracháin Speisialaithe Chív (an Chúirt Achomhairc Speisialaithe) mar dhá ard chúirt speisialaithe ar leithligh. Sainítear sa dlí dlínse na gcúirteanna nua ina luaitear go mbreithníonn an Chúirt Dúiche Speisialaithe achomhairc riaracháin in aghaidh cinntí, gníomhaíochtaí nó neamhghníomhaíocht Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine, na haireachta nó comhlachta lárnaigh eile cumhachta feidhmiúcháin, Bhanc Náisiúnta na hÚcráine, nó comhlachta eile, a leathnaíonn a chumhachtaí ar fud na tíre. Tá dlínse aici freisin e.g. achomhairc a bhreithniú in aghaidh chinntí na gcoimisiún roghnúcháin atá freagrach as ceapacháin ardleibhéil i roinnt gníomhaireachtaí stáit. Is céim achomhairc chuig Cúirt Dúiche Speisialaithe amháin í Cúirt Achomhairc Speisialaithe agus ní bheidh athbhreithniú á dhéanamh aici ar chásanna cúirteanna riaracháin dúiche eile. |

| |
|---|
| Tugtar isteach le dlí Uimh. 4264-IX ceanglais incháilitheachta le haghaidh bhreithiúna na gcúirteanna nua agus déantar foráil ann maidir le nós imeachta trédhearcach chun breithiúna a roghnú. Déantar foráil ann maidir le rannpháirtíocht comhlachta speisialta, an Chomhairle Saineolaithe, i ngrinnfhiosrúchán na n-iarrthóirí ar bhreithiúna. Tá an Chomhairle Saineolaithe comhdhéanta de sheisear comhaltaí, a molann Comhairle Bhreithiúna na hÚcráine triúr díobh agus an triúr eile is iad a mholann iad eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eachtracha a sholáthraíonn cúnamh teicniúil idirnáisiúnta don Úcráin i réimse an athchóirithe bhreithiúnaigh agus/nó an éillithe a chosc agus a chomhrac. Déanann an Chomhairle Saineolaithe measúnú ar ionracas agus ar inniúlacht ghairmiúil na n-iarrthóirí, tríd an gceart agallaimh a dhéanamh leis na hiarrthóirí go háirithe.<br><br>I gcomhréir le reachtaíocht na hÚcráine, bunaítear an dá chúirt go foirmiúil le dlí speisialta ar leith Uimh. 4602-IX a chuir an tUachtarán faoi bhráid Pharlaimint na hÚcráine. Is ann a bhunaítear a suíomh mar chathair Chív agus a dlínse chríche mar chríoch iomlán na hÚcráine.<br><br>Tar éis theacht i bhfeidhm Dhlí Uimh. 4602-IX, sheol Coimisiún Ardcháilíochta na mBreithiúna an 29 Deireadh Fómhair 2025 an nós imeachta roghnúcháin le haghaidh 17 mbreitheamh ar an gcéad dul síos, agus le haghaidh 10 mbreitheamh sa chéim achomhairc. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 5.2**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir leis na prionsabail le haghaidh díolachán banc atá faoi úinéireacht stáit |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. Úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 5.2 ar a dtugtar tuairisc san iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*'Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta nuashonraithe maidir le bainc atá faoi úinéireacht an stáit a dhíol, mar atá Dlí na hÚcráine 'Maidir le Dhífheistiú Scairshealbhaíochtaí faoi Úinéireacht Stáit i gCaipiteal Cairte na mBanc a bhfuil Athchaipitliú déanta ag an Stát ina leith' Uimh. 4524-VI dar dáta 2012. Leis an reachtaíocht athbhreithnithe, ba cheart díol bunanna úinéireachta éagsúla i mbainc atá faoi úinéireacht an stáit a éascú, agus ag an am céanna solúbthacht a chur ar fáil le haghaidh éadáil iomlán. Forbrófar na bunphrionsabail lena dtreorófar díol na mbanc faoi úinéireacht an stáit trí phlé comhoibríoch i gcomhdhearcadh leis na deontóirí idirnáisiúnta.'*<br><br>Is é Céim 5.2 an chéad chéim de dhá chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2 i gCaibidil 5 (margaí airgeadais). Ina dhiaidh sin tá Céim 5.3 maidir le glacadh na straitéise chun úinéireacht stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile, rud atá dlite in R2 2026. |

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) cóip de Dhlí Uimh. 3983-IX na hÚcráine *On the Peculiarities of the Sale of Shareholdings Owned by the State in the Authorised Capital of Banks* [Maidir leis na Saintréithe a bhaineann le Díol Scairshealbhaíochtaí atá faoi Úinéireacht an Stáit i gCaipiteal Údaraithe na mBanc] dar dáta an 19 Meán Fómhair 2024;

(3) cóip d'Ordú Uimh. 1061□r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine *On Preparation for the Sale of State-Owned Share Packages in the Authorised Capital of Banks* [Maidir le hUllmhúchán do Dhíol Scairphacáistí atá faoi Úinéireacht an Stáit i gCaipiteal Údaraithe na mBanc] dar dáta an 1 Deireadh Fómhair 2025.

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise a chuir údaráis na hÚcráine ar fáil gach gné bhunaitheach de chéim 5.2.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 2 na prionsabail a leagan síos maidir le bainc atá faoi úinéireacht stáit a dhíol agus maidir leis an straitéis um úinéireacht an stáit san earnáil baincéireachta a laghdú de réir a chéile. Chuige sin, ghlac parlaimint na hÚcráine Dlí Uimh. 3983-IX na hÚcráine *On the Peculiarities of the Sale of Shareholdings Owned by the State in the Authorised Capital of Banks* [Maidir leis na Saintréithe a bhaineann le Díol Scairshealbhaíochtaí atá faoi Úinéireacht an Stáit i gCaipiteal Údaraithe na mBanc] an 19 Meán Fómhair 2024. Tháinig an Dlí i bhfeidhm an 19 Deireadh Fómhair 2024.

Leis an dlí, éascaítear díol bunanna úinéireachta éagsúla i mbainc atá faoi úinéireacht an stáit trí chreat dlíthiúil agus nós imeachta aontaithe a bhunú chun scaireanna atá i seilbh an stáit a dhífheistiú. Sainítear ann na príomhthéarmaí, na príomhchuspóirí agus na príomhshásraí lena rialaítear na hidirbhearta sin. Leis an gcreat rialaítear ullmhú, formheas agus cur i gcrích díolachán trí phróisis iomaíocha, le tacaíocht ó rannpháirtíocht comhairleoirí díolacháin agus ó fhormhaoirseacht choimisiún díolacháin ainmnithe. Soláthraítear leis nósanna imeachta chun incháilitheacht a chinneadh, tairiscintí a dhéanamh agus comhaontuithe díolacháin a thabhairt i gcrích, agus rialacha maidir le héadálacha iardhíola agus luacháil leasanna urlámhais á leagan síos san am céanna. I dteannta a chéile, cuireann na forálacha sin ar a chumas don stát a rannpháirtíocht san earnáil baincéireachta a laghdú ar bhealach struchtúrtha agus margadh-dhírithe.

Déantar foráil sa dlí freisin maidir leis an tsolúbthacht le haghaidh éadáil iomlán, a fhágann gur féidir le Rialtas na hÚcráine gach idirbheart a chur in oiriúint do dhálaí an mhargaidh. Cumhachtaíonn sé Comh-Aireacht Airí na hÚcráine méid na scairphacáistí a choigeartú, an nós imeachta díolacháin is iomchuí a roghnú agus na téarmaí a mhodhnú roimh thairiscintí. Leis an gcreat, ceadaítear tairiscintí agus coigeartuithe praghais arís agus arís eile chun cur i gcrích a áirithiú, agus le rannpháirtíocht comhairleoirí díolacháin gairmiúla tugtar isteach inoiriúnaitheacht maidir le próisis struchtúraithe agus luachála. Thairis sin, féadfar téarmaí conarthacha, lena n-áirítear an dlí eachtrach agus clásail eadrána is infheidhme, féadfar iad a oiriúnú chun ionchais infheisteoirí a chomhlíonadh, agus ar an gcaoi sin comhsheasmhacht rialála agus solúbthacht tráchtála araon a áirithiú sa phróiseas príobháidithe.

| |
|---|
| Bunaítear na bunphrionsabail lena rialaítear díol na mbanc atá faoi úinéireacht an stáit trí phlé comhoibríoch agus comhdhearcadh le deontóirí idirnáisiúnta. Go sonrach, féadfaidh ionadaithe ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, ó institiúidí den Aontas agus ó Bhallstáit den Aontas, chomh maith le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus eachtracha eile a sholáthraíonn cúnamh teicniúil don Úcráin, páirt a ghlacadh in obair an choimisiúin díolacháin le toiliú uathu. Tá sé de cheart acu a seasaimh a chur in iúl, faisnéis a iarraidh agus a fháil ón gcoimisiún díolacháin agus moltaí a sholáthar maidir le hullmhú agus stiúradh an chomórtais.<br><br>Tá sé d'údarás ag an gcoimisiún díolacháin cinneadh a dhéanamh maidir le próifíl riosca an iomaitheora a fhormheas i gcomhréir le ceanglais Bhanc Náisiúnta na hÚcráine maidir le clú gnó agus struchtúr úinéireachta; seoladh agus nósanna imeachta comórtais; ligean isteach, diúltú nó foirceannadh rannpháirtíocht na n-iarratasóirí ar fhorais a fhorordaítear le dlí; formheas na ndréachtchonarthaí ceannaigh agus díola le haghaidh scaireanna an bhainc, doiciméid ghaolmhara, agus/nó príomhthéarmaí na gcomhaontuithe sin, lena n-áirítear an praghas trádála tosaigh mar a mhol an comhairleoir díolacháin; an modhnú ar an líon scaireanna atá faoi réir díolacháin; babhtaí tairisceana nua a cheapadh nó an tairiscint a fhoirceannadh i gcásanna a shainítear le dlí ar mholadh ón gcomhairleoir; formheas bhuaiteoir na tairisceana agus an conradh ceannaigh agus díola deiridh le haghaidh bhloc scaireanna an bhainc, mar aon leis na doiciméid ghaolmhara uile agus an praghas díola deiridh arna chinneadh ag na torthaí tairisceana; aitheantas a thabhairt i dtaobh a ndearnadh tairiscint faoi na coinníollacha a leagtar amach le dlí nó nach ndearna; agus ábhair eile dá bhforáiltear i rialacháin an choimisiúin díolacháin, in orduithe ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine nó de réir mar is gá ar shlí eile chun an dlí a chur chun feidhme.<br><br>Ina theannta sin, féadfaidh ionadaithe ó institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, ó institiúidí den Aontas agus ó na Ballstáit, agus ó eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eachtracha eile a sholáthraíonn cúnamh teicniúil don Úcráin páirt a ghlacadh i roghnú comhairleora díolacháin, agus an ceart acu tuairimí a chur in iúl, faisnéis a iarraidh agus a fháil, agus moltaí a thairiscint. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 8.8**

| | |
|---|---|
| **Ainm na céime:** Glacadh caighdeán comhchuibhithe le haghaidh trí ghrúpa táirgí tionsclaíocha | |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 5. Reachtaíocht agus caighdeáin a chomhchuibhiú leis an Aontas Eorpach | |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht | |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 8.8 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*'Glactar caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh 3 ghrúpa de tháirgí tionsclaíocha (innealra, comhoiriúnacht leictreamaighnéadach trealaimh, trealamh leictreach ísealvoltais) mar ghrúpaí náisiúnta trí mhodh aistriúcháin'*<br><br>Is é Céim 8.8 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 i gCaibidil 8 (timpeallacht ghnó). Tagann sí tar éis Céim 8.7 maidir le bearta faireachais margaidh a atosú agus táirgí neamhbhia a rialú, lena n-áirítear sábháilteacht táirgí. Bhí Céim 8.7 dlite in R4 2024 agus rinneadh measúnú dearfach uirthi mar chuid den tríú tráthchuid. | |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) cóip den tábla míniúcháin ina liostaítear na 71 chaighdeán a tairgeadh, a aistríodh agus a glacadh;<br><br>(3) cóip d'orduithe Uimh. 310–334 ón bhFiontar Stáit 'UkrNDNC' (eagraíocht um chaighdeánú náisiúnta na hÚcráine) Uimh. 310-334 dar dáta an 26 Nollaig 2024. | |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 8.8.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 5 bearta faireachais margaidh a atosú agus glacadh noirm agus caighdeáin an Aontais a éascú san Úcráin, i réimsí na dtáirgí tionsclaíocha go háirithe. Chuige sin, ghlac an Úcráin caighdeáin chomhchuibhithe le haghaidh trí ghrúpa táirgí tosaíochta — innealra, trealamh comhoiriúnachta leictreamaighnéadaí agus trealamh leictreach ísealvoltais — mar Chaighdeáin náisiúnta Stáit na hÚcráine (DSTU) de réir an mhodha aistriúcháin. Trí shraith tairiscintí oscailte in 2024, rinne an eagraíocht um chaighdeánú náisiúnta 71 chaighdeán DSTU EN / DSTU EN IEC / DSTU EN ISO a chonrú, a aistriú agus a fhormheas go foirmiúil. D'achtaigh an Aireacht Gheilleagair gach ceann de na caighdeáin le hOrduithe Uimh. 310–334 an 26 Nollaig 2024 agus tá siad nasctha le treoracha ábhartha an Aontais 2006/42/CE (Innealra), 2014/30/AE (EMC) agus 2014/35/AE (an Treoir maidir le hÍsealvoltas). | |

| |
|---|
| • Innealra: 43 aistriúchán, DSTU EN ISO 13849-1:2024 (prionsabail ghinearálta na gcóras rialaithe sábháilteachta meaisín) agus DSTU EN 474-1:2022 (innealra crécharta – sábháilteacht ghinearálta) go háirithe.<br>• Trealamh a bhaineann le EMC: 4 aistriúchán, e.g. DSTU EN 60947-8:2015 (feistí ina bhfuil cosaint theirmeach leabaithe iontu le haghaidh meaisíní rothlacha) agus DSTU EN 62196-1:2015 (nascóirí le haghaidh luchtú seoltach feithiclí leictreacha).<br>• Trealamh leictreach ísealvoltais: 24 aistriúchán, lena n-áirítear DSTU EN IEC 62477-1:2024 (tiontairí cumhachta leictreonacha) agus DSTU EN IEC 62052-11:2024 (méadair leictreachais), mar aon le 16 chaighdeán maidir le fearas teaghlaigh i sraith EN 60335-2-xx. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 9.1**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar eagrúchán críochach na n-údarás feidhmiúcháin san Úcráin a mbaineann cur i bhfeidhm moillithe leo |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Dílárú a chur chun cinn |
| **Arna maoiniú ó:** iasacht/tacaíocht neamh-inaisíoctha |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 9.1 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>‘*Teacht i bhfeidhm Dhlí na hÚcráine "On Amendments to the Law of Ukraine ‘On Local State Administrations’ and Some Other Legislative Acts of Ukraine as Regards the Reforming of Territorial Organisation of the Executive Authorities in Ukraine"[Maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine ‘Maidir le Riaracháin Stát Áitiúil’ agus Roinnt Gníomhartha Reachtacha Eile de chuid na hÚcráine a Mhéid a Bhaineann le hAthchóiriú Eagraíocht Chríochach na nÚdarás Feidhmiúcháin san Úcráin] agus iad a chur i bhfeidhm laistigh de 12 mhí ó dháta foirceanta nó díothaithe an dlí airm san Úcráin. Glacfar foghníomhartha dlí chun an dlí a chur chun feidhme tar éis dó teacht i bhfeidhm. Leis an dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br><br>*- údaráis de chineál maorachta a dhéanamh de riaracháin stát áitiúl chun córas cothromaithe a chruthú chun cineál dlíthiúil na ngníomhaíochtaí a dhéanann comhlachtaí féinrialtais áitiúla a áirithiú;*<br><br>*- comhordú chomhlachtaí críochacha na n-údarás feidhmiúcháin lárnach a áirithiú agus beartas an stáit á chur chun feidhme acu ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.’*<br><br>Is é Céim 9.1 an chéad chéim de trí chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 de Chaibidil 9 (dílárú agus beartas réigiúnach). |

| **An fhianaise a soláthraíodh** |
|---|
| (1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) cóip de Dhlí Uimh. 4677-IX na hÚcráine maidir le '*Amendments to Certain Legislative Acts of Ukraine to Ensure Legality and Transparency in the Activities of Local Self-Government Bodies'* [Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine chun Dlíthiúlacht agus Trédhearcacht a Áirithiú i nGníomhaíochtaí Comhlachtaí Féinrialtais Áitiúla] dar dáta an 5 Samhain 2025. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 9.1.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 creat a chur i bhfeidhm chun riaracháin stáit áitiúil a chlaochlú ina n-údaráis de chineál maorachta agus chun dáileadh cumhachtaí is fearr a áirithiú idir rialtais áitiúla agus údaráis feidhmiúcháin. Chuige sin, ghlac Verkhovna Rada an dlí maidir le *Amendments to Certain Legislative Acts of Ukraine to Ensure Legality and Transparency in the Activities of Local Self-Government Bodies* [Leasuithe ar Ghníomhartha Reachtacha Áirithe de chuid na hÚcráine chun Dlíthiúlacht agus Trédhearcacht i nGníomhaíochtaí Comhlachtaí Féinrialtais Áitiúla a Áirithiú] an 5 Samhain agus tháinig sé i bhfeidhm an 12 Samhain 2025, agus cuireadh moill 12 mhí ar a chur i bhfeidhm ó dháta foirceanta nó cealaithe an dlí airm san Úcráin.<br><br>Leis an dlí, tosaítear ar údaráis de chineál maorachta a dhéanamh d'údaráis áitiúla stáit trí chóras maoirseachta a bhunú ar dhlíthiúlacht gníomhartha féinrialtais áitiúla. Sainítear sa dlí an raon feidhme, na freagrachtaí agus na nósanna imeachta chun dlíthiúlacht gníomhartha comhlachtaí féinrialtais áitiúla a áirithiú. Leis an dlí bearta tugtar isteach bearta arb é is aidhm dóibh cosc a chur ar shárú ar dhlíthiúlacht ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí féinrialtais áitiúla; lena n-áirítear sásra chun a áirithiú go gcuirfear comhlachtaí féinrialtais áitiúla ar an eolas faoi athruithe ar an reachtaíocht a bhaineann le féinrialtas áitiúil agus, i gcás díospóidí, go bhféadfaidh ceart cúitimh cúirte a bheith acu.<br><br>Bunaítear leis an dlí sásra chun comhordú a fheabhsú. Sainaithnítear sa dlí cinn na riarachán stáit áitiúil mar chinn atá freagrach as comhordú agus as dlíthiúlacht a áirithiú i ngníomhaíochtaí chomhlachtaí críochacha na n-aireachtaí agus na gcomhlachtaí feidhmiúcháin lárnacha eile. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 12.4**

**Ainm na céime:** Teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le tacaíocht phoiblí do thalmhaíocht na hÚcráine

**Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 3. Feabhas a chur ar an leagan amach institiúideach agus riaracháin chun cláir infheistíochta a bhainistiú

**Arna maoiniú ó**: iasacht

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh Chéim 12.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

*'Teacht i bhfeidhm an Dlí maidir le Leasuithe ar Dhlí na hÚcráine "Maidir le Tacaíocht Stáit do Thalmhaíocht na hÚcráine"'. Leis an Dlí dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*
*- bearta tacaíochta poiblí a dhearadh amach anseo i gcomhréir le prionsabail acquis an Aontais sa réimse sin. Le roghnú na mbeart tacaíochta poiblí amach anseo cuimseofar anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí;*
*- bearta a dhearadh chun tacú le táirgeadh talmhaíochta le haghaidh feirmeacha mionscála chun infheistíochtaí príobháideacha a dhéanamh (sócmhainní fisiceacha táirgeoirí gabháltas talmhaíochta, le haghaidh próiseála agus margaíochta);*
*- ionstraimí airgeadais a dhearadh amach anseo (lena n-áirítear saoráidí ráthaíochta creidmheasa) le haghaidh gach catagóire feirme i gcomhar le hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais;*
*- digitiú trí chórais bhainistíochta le haghaidh doiciméad leictreonach;*

*- tacaíocht Stáit a dhírítear go heisiach ar thairbhithe atá liostaithe i gClár Talúntais an Stáit.'*

Is é Céim 12.4 an t-aon chéim d'Athchóiriú 3 de Chaibidil 12 (tionscal agraibhia).

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) cóip de Dhlí Uimh. 4619-IX na hÚcráine *On Amendments to Certain Laws of Ukraine on the Organizational Principles of Support in the Agricultural Sector* [Maidir le Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine maidir le Prionsabail Eagraíochtúla na Tacaíochta san Earnáil Talmhaíochta] dar dáta an 8 Deireadh Fómhair 2025.

**Anailís**

Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 12.4.

Is é is cuspóir d'Athchóiriú 3 feabhas a chur ar an leagan amach chun scéimeanna tacaíochta airgeadais poiblí don earnáil agraibhia a bhainistiú. Ghlac an Pharlaimint Dlí Uimh. 4619-IX na hÚcráine maidir le *Amendments to Certain Laws of Ukraine on the Organizational Principles of Support in the Agricultural Sector* [Leasuithe ar Dhlíthe Áirithe de chuid na hÚcráine i ndáil le Prionsabail Eagraíochtúla na Tacaíochta san Earnáil Talmhaíochta] an 8 Deireadh Fómhair 2025. Tháinig an dlí i bhfeidhm an 4 Samhain 2025.

Leis an dlí, deartar bearta tacaíochta poiblí a bheidh ann amach anseo i gcomhréir le prionsabail acquis an Aontais i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe. Leagtar amach ann na forálacha i gcomhréir le prionsabail an Chomhbheartais Talmhaíochta atá ann faoi láthair. Sonraítear ann aidhm fhoriomlán, cuspóirí an bheartais talmhaíochta agus forbartha tuaithe agus bearta chun an beartas sin a chur chun feidhme. Ar bhonn na haidhme foriomláine agus na gcuspóirí foriomlána, forbrófar an Straitéis ilbhliantúil um Fhorbairt na Talmhaíochta agus na gCríoch Tuaithe, agus roghnófar rogha na mbeart tacaíochta náisiúnta agus na gcineálacha tacaíochta ar bhonn anailís chuimsitheach ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí.

Leagtar amach sa dlí na struchtúir maidir le tacaíocht stáit don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh uirthi. Déantar foráil ann maidir le bunú na n-údarás freagrach a shainíonn a gcúraimí – amhail Gníomhaireacht Íocaíochta, comhlachtaí Deimhniúcháin agus an Comhlacht Feidhmiúcháin Lárnach, a áirithíonn bunú agus cur chun feidhme an bheartais náisiúnta talmhaíochta agus forbartha tuaithe.

Tugtar isteach leis an dlí, i measc nithe eile, forálacha maidir le feidhmeanna ceaptha beartas agus íocaíochta a dheighilt, maidir le neamhspleáchas institiúideach na Gníomhaireachta Íocaíochta agus maidir le cúraimí mionsonraithe na Gníomhaireachta Íocaíochta chun tacaíocht náisiúnta don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe a riar, maidir le trédhearcacht agus cuntasacht, íocaíochtaí a fhíorú agus a údarú, seiceálacha riaracháin agus cigireachtaí ar an láthair a dhéanamh chun incháilitheacht le haghaidh tacaíochta a rialú go háirithe.

Is iad na táirgeoirí beaga talmhaíochta faighteoirí tosaíochta na tacaíochta stáit. Cinnfear na critéir chun táirgeoirí talmhaíochta a aicmiú mar tháirgeoirí beaga i gcás gach cineáil tacaíochta. Sainítear sa dlí freisin bearta chun tacaíocht náisiúnta don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe a chur chun feidhme, lena n-áirítear infheistíochtaí i sócmhainní fisiceacha táirgeoirí talmhaíochta chun éifeachtúlacht, iomaíochas agus táirgeadh talmhaíochta inbhuanaithe a fheabhsú. Ar an gcaoi chéanna, is féidir tacú le comhlachais táirgeoirí talmhaíochta agus táirgí talmhaíochta á margú.

Leis an dlí údaraítear dearadh ionstraimí airgeadais amach anseo (lena n-áirítear saoráidí ráthaíochta creidmheasa) le haghaidh gach catagóire feirme i gcomhar le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta chun beartas talmhaíochta agus forbartha tuaithe a chur chun feidhme.

| |
|---|
| Is é is aidhm don dlí an digitiú a chur chun cinn trí chórais leictreonacha bainistithe doiciméad. Soláthraítear leis an dlí an bunús dlí chun an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe a fhorbairt, a fheidhmeoidh in éineacht le córais eile atá ann cheana mar chórais leictreonacha bainistithe doiciméad chun tacaíocht náisiúnta don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe a riar.<br><br>Leis an dlí éilítear go ndírítear tacaíocht Stáit go heisiach ar thairbhithe atá liostaithe i gClár Talúntais an Stáit. Tá eintitis nach bhfuil cláraithe i gClár Talúntais an Stáit eisiata ó thacaíocht stáit a fháil. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 13.2**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Tuarascáil a fhoilsiú maidir le fíorú chúlchistí Amhábhar Criticiúil na hÚcráine |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 1. Pleanáil straitéiseach a neartú agus an creat is fearr is féidir a áirithiú le haghaidh infheisteoirí straitéiseacha |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 13.2 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>'*Tuarascáil a fhoilsiú maidir le fíorú chúlchistí Amhábhar Criticiúil na hÚcráine agus úsáid á baint as córas aicmithe idirnáisiúnta, agus na torthaí a chur ar fáil d'infheisteoirí.*'<br><br>Is é Céim 13.2 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 1 Chaibidil 13 (bainistíocht amhábhar criticiúil). Roimhe sin bhí Céim 13.1 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gClár Náisiúnta um Fhorbairt Bhonn Acmhainní Mianracha na hÚcráine go dtí 2030 a ndearnadh measúnú dearfach uirthi in R4 2024 mar chuid den tríú tráthchuid. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) cóip den *Report on the verification of Critical Raw Materials reserves of Ukraine using international classification system* [Tuarascáil maidir le Fíorú Chúlchistí Amhábhar Criticiúil na hÚcráine agus úsáid á baint as córas aicmithe idirnáisiúnta], a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Shuirbhé Gheolaíoch na hÚcráine: Tuarascáil maidir le Fíorú na gCúltaiscí Mianracha Straitéiseacha/Criticiúla |

| |
|---|
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 13.2.<br><br>Is é is cuspóir d'Athchóiriú 1 infheistíochtaí a mhealladh chun amhábhair chriticiúla a eastóscadh agus a phróiseáil.<br><br>Foilsítear an tuarascáil maidir le fíorú Chúltaiscí Amhábhar Criticiúil na hÚcráine ar shuíomh gréasáin oifigiúil an tSuirbhé Gheolaíoch leis an hipearnasc: Tuarascáil maidir le Fíorú na gCúltaiscí Mianracha Straitéiseacha/Criticiúla.<br><br>Úsáidtear sa tuarascáil córas aicmithe idirnáisiúnta UNFC – Creat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní, a d'fhormhuinigh Comhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe in 2004 agus atá fós ina uirlis thábhachtach chun anailís a dhéanamh ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht acmhainní criticiúla.<br><br>Is córas aicmithe é leagan 2019 de UNFC le haghaidh tionscadail forbartha acmhainní atá bunaithe ar na prionsabail seo a leanas:<br><br>- inmharthanacht chomhshaoil agus shocheacnamaíoch;<br><br>- féidearthacht theicniúil;<br><br>- acmhainneacht tráchtála na dtionscadal amhábhar.<br><br>Cuirtear na torthaí ar fáil d'infheisteoirí trína bhfoilsiú ar an suíomh gréasáin. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 15.4**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** Glacadh an dara Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta ag an Úcráin le Comhaontú Pháras |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 2. An beartas don athrú aeráide |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |

**Comhthéacs**

Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 15.4 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:

'An tOrdú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh '*On Approval of the Second Nationally Determined Contribution (NDC) of Ukraine to the Paris Agreement*' [Maidir le Formheas an Dara Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) ag an Úcráin le Comhaontú Pháras]. *Le NDC dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*
*- sprioc níos airde maidir le hastaíochtaí a laghdú ná mar atá ann faoi láthair in NDC na hÚcráine;*
*- bonnbhliain a bhunú chun astaíochtaí ó fhoinsí agus linnte gás ceaptha teasa a ríomh;*
*- fad cur chun feidhme agus/nó tréimhsí ama na mbeart atá beartaithe;*
*- raon feidhme agus cumhdach na n-earnálacha eacnamaíocha agus na ngás ceaptha teasa;*
*- pleanáil próisis, toimhdí agus cineálacha cur chuige modheolaíochta a úsáidtear, lena n-áirítear chun meastachán agus cuntas a dhéanamh ar astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí agus aistrithe ag linnte gás ceaptha teasa;*
*- cothromas agus uaillmhian NDC a réasúnú i bhfianaise na n-imthosca náisiúnta;*
*- rannchuidiú le cuspóir Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide a bhaint amach agus le hastaíochtaí gás ceaptha teasa/linnte feabhsaithe a theorannú, i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach in Airteagal 2 de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide.*
*Beidh an Dara NDC ag an Úcráin a ghabhann le Comhaontú Pháras níos uaillmhianaí ná an RCN Nuachóirithe atá ann faoi láthair.*'

Is é Céim 15.4 an dara céim i gcur chun feidhme Athchóiriú 2, de Chaibidil 15 (an t-aistriú glas agus cosaint an chomhshaoil). Rinneadh measúnú dearfach ar Chéim 15.2 maidir le teacht i bhfeidhm na reachtaíochta i dtaca le Beartas Aeráide an Stáit in R1 2025 mar chuid den cheathrú tráthchuid. Tiocfaidh Céim 15.3 i ndiaidh Chéim 15.4 maidir le glacadh an rúin maidir leis an gComhairle Eolaíochta agus Saineolaithe um an Athrú Aeráide agus um Chaomhnú an Chisil Ózóin in R4 2025.

**An fhianaise a soláthraíodh**

(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;

(2) cóip d'Ordú Uimh. 1172-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 29 Deireadh Fómhair 2025 '*On approval of Ukraine's second nationally determined contribution to the Paris Agreement [Maidir le formheas an dara rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta ag an Úcráin le Comhaontú Pháras]*;

(3) cóip den iarscríbhinn a ghabhann le hOrdú Uimh. 1172-r ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine an 29 Deireadh Fómhair 2025 '*on Ukraine's second nationally determined contribution to the Paris Agreement*' [maidir leis an dara rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta ag an Úcráin le Comhaontú Pháras].

| |
|---|
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 15.4.<br><br>Tá sé de chuspóir ag Athchóiriú 2, beartas aeráide, ollstruchtúr le haghaidh rialachas aeráide chomh maith le sásra iomchuí a chruthú chun beartas stáit i réimse an athraithe aeráide san Úcráin a fhorbairt agus a chur chun feidhme.<br><br>An 29 Deireadh Fómhair 2025, glacadh an tOrdú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine *On Approval of the Second Nationally Determined Contribution (NDC) of Ukraine to the Paris Agreement* [Maidir le Formheas an Dara Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) ag an Úcráin le Comhaontú Pháras]. Socraítear leis sprioc laghdaithe astaíochtaí (lena n-áirítear ionsú) atá 'níos mó ná 65 %' ó leibhéal 1990 in 2035. Bhí sé d'aidhm ag NDC cothrom le dáta roimhe seo laghdú 65 % a bhaint amach faoi 2030. Is é 1990 an bhonnbhliain le haghaidh an ríomha, agus is é an táscaire tagartha na hastaíochtaí le haghaidh na bliana sin arna measúnú sa tuarascáil náisiúnta ar fhardal maidir le hastaíochtaí antrapaigineacha ó fhoinsí agus aistrithe astaíochtaí gás ceaptha teasa.<br><br>Mínítear sa dara NDC ag an Úcráin, mar gheall ar chogadh foghach na Rúise, 'go bhfuil pleanáil spriocanna laghdaithe astaíochtaí níos uaillmhianaí teoranta go hoibiachtúil mar gheall ar an leibhéal an-ard éiginnteachta faoi scála an téarnaimh, dinimic an fháis eacnamaíoch, struchtúr na cothromaíochta fuinnimh amach anseo agus ráta an dícharbónaithe'.<br><br>Is é fad an chur chun feidhme don dara NDC ón 1 Eanáir 2031 go dtí an 31 Nollaig 2035 atá, agus bunaítear an sprioc mar sprioc le haghaidh na bliana 2035. I measc na n-earnálacha a chumhdaítear leis an dara NDC tá fuinneamh, próisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí; talmhaíocht, úsáid talún, athrú ar thalamhúsáid agus foraoiseacht; agus dramhaíl. Cumhdaítear leis na gáis ceaptha teasa uile nach rialaítear le Prótacal Montréal.<br><br>Is í an aireacht líne ábhartha a chomhordaíonn an phleanáil próisis, agus tá rialachas náisiúnta bunaithe ar Dhlí Uimh. 3991-IX na hÚcráine 'Maidir le Bunphrionsabail Bheartas Aeráide an Stáit'. Úsáidtear sa mheastachán agus sa chuntasaíocht an cur chuige chun astaíochtaí iomlána sa spriocbhliain a chur i gcomparáid le hastaíochtaí iomlána sa bhonnbhliain agus braitheann sé ar Threoirlínte 2006 an Phainéil Idir-Rialtasaigh ar an Athrú Aeráide agus baintear úsáid as samhlacha matamaiticiúla chun trí chás réamhaisnéise a fhorbairt go dtí 2050.<br><br>Níl an measúnú thuas bailí ach amháin i gcomhthéacs chur chun feidhme Phlean na hÚcráine. Tá aghaidh á tabhairt ar leithligh ar leibhéal uaillmhéine aeráide na hÚcráine i gcomhthéacs aontachas leis an Aontas. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |

**Céim 15.9**

| |
|---|
| **Ainm na céime:** An Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033 a ghlacadh |
| **Athchóiriú gaolmhar/infheistíocht ghaolmhar:** Athchóiriú 5. Geilleagar ciorclach méadaithe |
| **Arna maoiniú ó**: iasacht |
| **Comhthéacs**<br><br>Is é seo a leanas an ceanglas le haghaidh chéim 15.9 ar a dtugtar tuairisc san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle:<br><br>*An tOrdú ó Chomh-Aireacht Airí na hÚcráine a ghlacadh 'On Approval of the National Waste Management Plan until 2033' [Maidir leis an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033 a fhormheas]. Leis an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola dírítear ar na príomhréimsí seo a leanas:*<br>*- bainistiú dramhaíola tí;*<br>*- bainistiú dramhaíola guaisí;*<br>*- riachtanais bhonneagair;*<br>*- anailísí ar inbhuanaitheacht eacnamaíoch agus airgeadais an phlean gníomhaíochta;*<br>*- ionstraimí eacnamaíocha a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar bhainistiú dramhaíola;*<br>*- faireachán agus rialú a dhéanamh ar bhainistiú dramhaíola;*<br>*- pleanáil straitéiseach maidir le bainistiú dramhaíola san Úcráin;*<br>*- bainistiú dramhaíola a chur chun feidhme ar an leibhéal réigiúnach.'*<br><br>Is é Céim 15.9 an chéad chéim i gcur chun feidhme Athchóiriú 5 de Chaibidil 15 (an tAistriú Glas agus Cosaint an Chomhshaoil). Tagann Céim 15.9 i ndiaidh Chéim 15.8 maidir le glacadh straitéise chun prionsabail an gheilleagair chiorclaigh a chur chun feidhme mar aon le plean gníomhaíochta chun é a chur chun feidhme in R1 2026. |
| **An fhianaise a soláthraíodh**<br><br>(1) doiciméad achomair lena dtugtar údar cuí leis an gcaoi ar comhlíonadh an chéim go sásúil i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle;<br><br>(2) cóip den Ordú ó Chomh-Aireacht na nAirí Uimh. 1353-r maidir le '*Approval of the National Waste Management Plan until 2033*' [an Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033 a fhormheas] dar dáta an 27 Nollaig 2024.;<br><br>(3) cóip den iarscríbhinn a ghabhann le Comh-Aireacht na nAirí Uimh. 1353-r 'Maidir leis an bPlean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033' dar dáta an 27 Nollaig 2024. |
| **Anailís**<br><br>Cumhdaítear leis an réasúnú agus leis an bhfianaise shubstainteach a sholáthair údaráis na hÚcráine gach gné bhunaitheach de Chéim 15.9. |

| |
|---|
| Is é is cuspóir d'Athchóiriú 5 prionsabail an gheilleagair chiorclaigh agus an bhainistithe dramhaíola a chur chun feidhme. Chuige sin, ghlac Comh-Aireacht na nAirí an Plean Náisiúnta Bainistithe Dramhaíola go dtí 2033 (an Plean Náisiúnta) an 27 Nollaig 2024.<br><br>Sa Phlean Náisiúnta, sainmhínítear dramhaíl tí go cuimsitheach chun dramhaíl mheasctha agus dramhaíl a bhailítear ar leithligh ó theaghlaigh a áireamh, lena gcuimsítear comhpháirteanna guaiseacha laistigh de freisin. Tá an córas bainistithe dramhaíola atá ann faoi láthair san Úcráin ag brath den chuid is mó ar theicneolaíochtaí íseal-leibhéil, rud a fhágann go ndéantar dramhaíl a dhiúscairt go díreach i líonadh talún agus i ndumpaí go príomha. D'ainneoin na n-iarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair, tá cumhdach an daonra ag cláir bailithe dramhaíola ar leithligh fós íseal, ag thart ar 30 %.<br><br>Sainaithnítear gurb iad fiontair thionsclaíocha, talmhaíochta agus iompair, in éineacht le saoráidí cúraim sláinte agus teaghlaigh príomhfhoinsí na dramhaíola guaisí. Cé gur tháinig laghdú mór ar mhéid bliantúil na dramhaíola guaisí sa tréimhse iarchogaidh ó 2010 go 2022, tá éifeachtúlacht na bainistíochta fós neamhleor.<br><br>I dtéarmaí riachtanais bhonneagair, feidhmíonn an Plean Náisiúnta mar chreatdoiciméad, rud a chiallaíonn go bhfuil na réada, na teicneolaíochtaí agus na ríomhanna eacnamaíocha sonracha bonneagair le mionsonrú i bpleananna bainistithe dramhaíola réigiúnacha agus áitiúla. Le cur i gcrích rathúil an phlean, tá coinne go mbunófar na coinníollacha is gá chun maoiniú agus infheistíochtaí araon a mhealladh isteach san earnáil. Éilítear go follasach ar na pleananna réigiúnacha agus áitiúla, a eascraíonn as an bPlean Náisiúnta, ríomhanna eacnamaíocha agus measúnú ar a n-acmhainneacht cur chun feidhme a chur san áireamh. Sainordaítear sa Phlean Náisiúnta cur chun feidhme ionstraimí eacnamaíocha fíor-riachtanacha, lena n-áirítear an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' agus freagracht leathnaithe táirgeora. Leis an doiciméad, cuirtear i dtábhacht freisin an gá atá le hardleibhéal athchúrsála a bhaint amach chun amhábhair thánaisteacha a chur ar ais i gcúrsaíocht eacnamaíoch.<br><br>Príomhthoradh a bhfuil coinne leis ó chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta is ea feabhas ginearálta ar an gcóras chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí bainistithe dramhaíola uile. Feidhmíonn an Plean Náisiúnta mar an príomh-chreatdoiciméad lena sainítear na mórthreoracha straitéiseacha le haghaidh beartas stáit san earnáil bainistithe dramhaíola go dtí 2033. Dá bhrí sin, is bunús é don phleanáil straitéiseach agus d'fhorbairt beart sonrach ar an leibhéal réigiúnach, áitiúil, fiontraíochta agus institiúideach. Tá réamhaisnéisí maidir le méideanna giniúna dramhaíola a bheidh ann amach anseo bunaithe go straitéiseach ar réamh-mheastacháin a bhaineann le méid an daonra agus leis an bhforbairt a bhfuil coinne léi ar acmhainneacht táirgeachta agus ar bhonneagar na tíre. I gcomhréir leis an Dlí, tá comhlachtaí féinrialtais áitiúla freagrach as bainistiú dramhaíola tí a áirithiú agus as a ráthú go soláthraítear seirbhísí do gach táirgeoir dramhaíola laistigh dá gcríoch. Chun éifeachtúlacht a fheabhsú, moltar do phobail chríochacha comhoibriú, lena n-áirítear trí chómhaoiniú chun saoráidí próiseála dramhaíola tí a thógáil, a atógáil agus a choinneáil ar bun. Ní mór dálaí áitiúla sonracha agus na ríomhanna eacnamaíocha is gá a chur san áireamh i ngach plean réigiúnach agus áitiúil a fhorbraítear faoin bPlean Náisiúnta. |
| **Measúnú an Choimisiúin**: comhlíonta go sásúil |